Parlaimint na hEorpa
2019-2024

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0135(COD)

21.9.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leisa an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an éilliú a chomhrac, a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle agus an Choinbhinsiúin maidir leis an gcomhrac i gcoinne éilliú a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(COM(2023)0234 – C9-0162/2023 – 2023/0135(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Ramona Strugariu

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe i gcomhréir le Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta: Caterina Chinnici, An Coiste um Rialú Buiséadach

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 77

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an éilliú a chomhrac, a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle agus an Choinbhinsiúin maidir leis an gcomhrac i gcoinne éilliú a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(COM(2023)0234 – C9-0162/2023 – 2023/0135(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0234),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 82(1) pointe (d) agus d'Airteagal 83(1) agus (2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra don Pharlaimint (C9-0162/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

1 ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2 á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3 á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Chun deireadh a chur leis an éilliú, tá gá le sásraí coisctheacha agus diansmachtúla araon. Moltar do na Ballstáit réimse leathan de bhearta coisctheacha, reachtacha agus comhoibritheacha a dhéanamh mar chuid den chomhrac in aghaidh an éillithe. Cé go bhfuil an t-éilliú ina choir thar aon ní eile agus go sainmhínítear gníomhartha sonracha éillithe sa dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta, loiceadh ionracais, coinbhleachtaí leasa neamhnochta nó sáruithe tromchúiseacha ar rialacha eiticiúla, is féidir go dtiocfaidh siad chun bheith ina ngníomhaíochtaí éillitheacha mura dtugtar aghaidh orthu. Tríd an éilliú a chosc maolaítear an gá le diansmacht coiriúil agus baineann tairbhí níos leithne leis sin chun iontaoibh an phobail a chur chun cinn agus iompar na n-oifigeach poiblí a bhainistiú. Le cuir chuige frithéillithe éifeachtacha is minic a chuirtear le bearta chun trédhearcacht, eitic agus ionracas a fheabhsú, trí rialáil a dhéanamh mar aon leis sin i réimsí amhail coinbhleacht leasa, brústocaireacht agus doirse imrothlacha. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí na caighdeáin is airde ionracais, trédhearcachta agus neamhspleáchais a lorg mar chuid thábhachtach de dhul i ngleic leis an éilliú ar bhealach níos leithne.	(5) Chun deireadh a chur leis an éilliú, tá gá le sásraí coisctheacha agus diansmachtúla araon. Moltar do na Ballstáit réimse leathan de bhearta coisctheacha, reachtacha agus comhoibritheacha a dhéanamh mar chuid den chomhrac in aghaidh an éillithe. Cé go bhfuil an t-éilliú ina choir thar aon ní eile agus go sainmhínítear gníomhartha sonracha éillithe sa dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta, loiceadh ionracais, coinbhleachtaí leasa neamhnochta nó sáruithe tromchúiseacha ar rialacha eiticiúla, is féidir go dtiocfaidh siad chun bheith ina ngníomhaíochtaí éillitheacha mura dtugtar aghaidh orthu. Tríd an éilliú a chosc maolaítear an gá le diansmacht coiriúil agus baineann tairbhí níos leithne leis sin chun iontaoibh an phobail a chur chun cinn agus iompar na n-oifigeach poiblí a bhainistiú. Le cuir chuige frithéillithe éifeachtacha is minic a chuirtear le bearta chun trédhearcacht, eitic agus ionracas a fheabhsú, trí rialáil a dhéanamh mar aon leis sin i réimsí amhail coinbhleacht leasa, brústocaireacht agus doirse imrothlacha. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí na caighdeáin is airde ionracais, trédhearcachta agus neamhspleáchais a lorg mar chuid thábhachtach de dhul i ngleic leis an éilliú ar bhealach níos leithne. ***Is colún bunúsach í seirbhís phoiblí ina bhfuil daoine ag an leibhéal is airde scile agus ionracais le haghaidh Ballstáit atá éifeachtúil, trédhearcach agus éifeachtach atá saor ó éilliú, Is féidir an soláthar foirne seirbhíse poiblí sin a bhaint amach trí thrédhearcacht, éifeachtúlacht agus úsáid critéar oibiachtúil a fheabhsú maidir le hoifigigh phoiblí a earcú agus ardú céime a thabhairt dóibh.***

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Tá an soláthar poiblí i mbaol an éillithe go háirithe. Chun an t-éilliú a chomhrac go héifeachtúil, tá sé tábhachtach go neartódh na Ballstáit trédhearcacht na bpróiseas soláthair phoiblí trí rannpháirtíocht geallsealbhóirí a chumasú, rochtain níos fearr ar fhaisnéis, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as ríomhsholáthar, chomh maith le maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar na próisis soláthair sin.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach
Aithris 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5b) Ba cheart do na Ballstáit reachtaíocht agus nósanna imeachta iomchuí a ghlacadh lenar cheart maoiniú feachtas polaitiúil agus maoiniú páirtithe polaitiúla a rialú, amhail na paraiméadair a leagan síos do theorainneacha, cuspóir agus tréimhsí ama caiteachais feachtais, teorainneacha ar ranníocaíochtaí, fóirdheontais stáit, sainaithint deontóirí agus foilsiú bliantúil cuntas agus caiteachas ag eagraíochtaí páirtithe polaitiúla.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Is gá an creat dlíthiúil a neartú chun breabaireacht a chomhrac agus na huirlisí is gá a sholáthar do na húdaráis forfheidhmithe dlí agus do na seirbhísí ionchúisimh. Maidir le breabaireacht oifigeach poiblí, is gá idirdhealú a dhéanamh idir dhá thaobh. Tá breabaireacht ghníomhach ann i gcás ina ngeallfaidh, ina dtairgfidh nó ina dtabharfaidh duine buntáiste d'aon chineál chun tionchar a imirt ar oifigeach poiblí. Tá breabaireacht éighníomhach ann nuair a iarrann nó nuair a fhaigheann an t-oifigeach poiblí na buntáistí sin chun gníomhú nó staonadh ó ghníomhú ar bhealach áirithe. Leis an Treoir sin ba cheart íosrialacha a leagan síos freisin maidir le breabaireacht agus foirmeacha eile éillithe san earnáil phríobháideach, i gcás ina n-áireofar ar na híospartaigh láithreacha cuideachtaí ar a n-imrítear tionchar éagórach agus i gcás ina laghdófar saoriomaíocht le gach breab dá dtairgtear nó dá nglactar leis.	(10) Is gá an creat dlíthiúil a neartú chun breabaireacht a chomhrac agus na huirlisí is gá a sholáthar do na húdaráis forfheidhmithe dlí agus do na seirbhísí ionchúisimh. Maidir le breabaireacht oifigeach poiblí, is gá idirdhealú a dhéanamh idir dhá thaobh. Tá breabaireacht ghníomhach ann i gcás ina ngeallfaidh, ina dtairgfidh***, ina gcúiteoidh*** nó ina dtabharfaidh duine buntáiste d'aon chineál chun tionchar a imirt ar oifigeach poiblí. Tá breabaireacht éighníomhach ann nuair a iarrann nó nuair a fhaigheann an t-oifigeach poiblí na buntáistí sin chun gníomhú nó staonadh ó ghníomhú ar bhealach áirithe. Leis an Treoir seo ba cheart íosrialacha a leagan síos freisin maidir le breabaireacht agus foirmeacha eile éillithe san earnáil phríobháideach, i gcás ina n-áireofar ar na híospartaigh láithreacha cuideachtaí ar a n-imrítear tionchar éagórach agus i gcás ina laghdófar saoriomaíocht le gach breab dá dtairgtear nó dá nglactar leis.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Tá bac an cheartais ina chion coiriúil a dhéantar mar thaca leis an éilliú. Dá bhrí sin is gá cion coiriúil a leagan síos maidir le bac an cheartais, lena mbaineann feidhmiú fórsa fhisiciúil, bagairtí nó imeaglú, nó léiriú nó fianaise bhréige a	(14) Tá bac an cheartais ina chion coiriúil a dhéantar mar thaca leis an éilliú. Dá bhrí sin is gá cion coiriúil a leagan síos maidir le bac an cheartais, lena mbaineann feidhmiú fórsa fhisiciúil, bagairtí nó imeaglú, nó léiriú nó fianaise bhréige a

spreagadh. Gníomhaíochtaí chun cur isteach ar léiriú a thabhairt nó fianaise a thabhairt ar aird, nó ar fheidhmiú dualgas oifigiúil arna ndéanamh ag oifigigh bhreithiúnacha nó forfheidhmithe dlí, ba cheart iad sin a chumhdach freisin. I gcomhréir le UNCAC, níl feidhm ag an Treoir sin ach maidir le bac an cheartais i dtaca le himeachtaí a bhaineann le cion éillithe.

spreagadh. Gníomhaíochtaí chun cur isteach ar léiriú a thabhairt nó fianaise a thabhairt ar aird, nó ar fheidhmiú dualgas oifigiúil arna ndéanamh ag oifigigh bhreithiúnacha nó forfheidhmithe dlí***, chomh maith le fianaise a scriosadh, a athrú, a cheilt nó a fhalsú,*** ba cheart iad sin a chumhdach freisin. I gcomhréir le UNCAC, níl feidhm ag an Treoir seo ach maidir le bac an cheartais i dtaca le himeachtaí a bhaineann le cion éillithe.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Cothaítear an t-éilliú leis an spreagadh le haghaidh buntáistí eacnamaíocha agus míchuí eile. Chun laghdú a dhéanamh ar an dreasacht le haghaidh daoine aonair agus eagraíochtaí coiriúla chun gníomhartha coiriúla nua a dhéanamh agus chun daoine aonair a dhíspreagadh ó thoiliú le teacht chun bheith ina n-úinéirí maoine bréige, ba cheart saibhriú le cionta éillithe a choiriúlú. Leis sin ba cheart, faoi seach, ceilt maoine a fuarthas go haindleathach a dhéanamh níos casta agus laghdú a dhéanamh ar scaipeadh an éillithe mar aon leis an damáiste a dhéantar don tsochaí. Leis an trédhearcacht cuidítear leis na húdaráis inniúla saibhriú aindleathach féideartha a bhrath. ***Mar shampla, i ndlínsí ina gceanglaítear ar oifigigh phoiblí*** a sócmhainní a dhearbhú ag eatraimh thráthrialta, lena n-áirítear agus iad ag dul i mbun dualgas agus iad á gcur i gcrích acu, is féidir leis na húdaráis measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhfhreagraíonn nó nach gcomhfhreagraíonn na sócmhainní	(15) Cothaítear an t-éilliú leis an spreagadh le haghaidh buntáistí eacnamaíocha agus míchuí eile. Chun laghdú a dhéanamh ar an dreasacht le haghaidh daoine aonair agus eagraíochtaí coiriúla chun gníomhartha coiriúla nua a dhéanamh agus chun daoine aonair a dhíspreagadh ó thoiliú le teacht chun bheith ina n-úinéirí maoine bréige, ba cheart saibhriú le cionta éillithe a choiriúlú. Leis sin ba cheart, faoi seach, ceilt maoine a fuarthas go haindleathach a dhéanamh níos casta agus laghdú a dhéanamh ar scaipeadh an éillithe mar aon leis an damáiste a dhéantar don tsochaí. Leis an trédhearcacht cuidítear leis na húdaráis inniúla saibhriú aindleathach féideartha a bhrath. ***ba cheart a cheangal ar oifigigh, dá bhrí sin,*** a sócmhainní ***agus a leasanna*** a dhearbhú go tráthrialta, lena n-áirítear le linn dóibh dul i mbun dualgas agus iad a chríochnú, ***ionas gur féidir leis na húdaráis inniúla, nó le heintitis neamhspleácha,*** measúnú a dhéanamh an gcomhfhreagraíonn na sócmhainní dearbhaithe d'ioncaim dhearbhaithe**,**

dearbhaithe d'ioncaim dhearbhaithe.	***chomh maith le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus cásanna doirse imrothlacha a bhrath***.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach
Aithris 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15a) Ba cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun cásanna ina ndéantar maoin a cheilt d'aon ghnó nó a choinneáil go leanúnach ag duine atá ar an eolas go bhfuil an mhaoin sin mar thoradh ar na cionta dá dtagraítear sa Treoir sin a shainmhíniú mar chion coiriúil inphionóis, fiú mura raibh baint ag an duine sin leis na cionta sin a dhéanamh.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach
Aithris 15 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15b) Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun oifigigh phoiblí a thabhairt chun cuntais as aon sárú inmhilleáin ar a ndualgais oifigiúla as a n-eascraíonn díobháil do chearta nó do leasanna dlisteanacha daoine aonair nó eintiteas. Ba cheart go mbeadh na sáruithe sin, lena mbaineann mainneachtain dualgais a chomhlíonadh nó comhlíonadh lochtach dualgas, inphionóis mar chionta coiriúla.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach
Aithris 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20a) Sa chomhrac i gcoinne an éillithe, ba cheart aird phráinneach a dhíriú ar dhul i ngleic le mí-úsáid scaireanna agus iontaobhas iompróra, atá bunriachtanach i ngníomhaíochtaí folaitheacha airgeadais. Ceadaíonn na Ballstáit fós scaireanna iompróra a úsáid, rud a fhágann gur féidir cistí aindleathacha a fháil, a shealbhú agus a aistriú ar bhealach folaitheach. Cruthaíonn na meicníochtaí sin leibhéal doiléireachta atá níos airde ná an leibhéal maidir le tearmainn chánach fiú, rud a fhágann gur cúis mhór imní iad sa chath in aghaidh an éillithe. Thairis sin, baintear leas as iontaobhais freisin maidir lena gcumas chun idirbhearta airgeadais a cheilt agus chun na fíorthairbhithe a cheilt. Cuireann mí-úsáid cistí le dúshlán an éillithe a rianú agus a chomhrac go héifeachtach. Dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit bearta láidre a chur chun feidhme go pras. Ba cheart go gcuimseodh na bearta sin toirmeasc gan débhrí ar scaireanna iompróra agus straitéis chuimsitheach chun trédhearcacht úinéireachta maidir le húsáid iontaobhas a áirithiú.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Mar chatagóir choireachta is deacair cionta éillithe a shainaithint agus a imscrúdú, ós rud é go dtarlaíonn siad den chuid is mó mar chuid de chomhcheilg idir dhá pháirtí thoilteanacha nó níos mó agus nach mbíonn íospartach láithreach agus follasach ann, a d'fhéadfadh gearán a dhéanamh. Dá réir sin, tá sciar suntasach de choireacht éillithe ann nach mbraitear fós agus tá na páirtithe coiriúla in ann tairbhiú d'fháltais a n-éillithe. Dá fhad a thógann sé chun cion éillithe a bhrath, is ea is deacra atá sé fianaise a nochtadh. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha iomchuí ag na húdaráis forfheidhmithe dlí agus ionchúisitheoirí chun fianaise ábhartha ar chionta éillithe a bhailiú, ar minic a dhéantar difear leis na cionta sin do níos mó ná Ballstát amháin. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit oiliúint leordhóthanach a leithdháileadh, i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), ar úsáid uirlisí imscrúdaitheacha freisin chun go n-éireoidh le himeachtaí a dhéanamh agus le sainaithint agus cainníochtú na bhfáltas éillithe i gcomhthéacs reo agus coigistiú. Ina theannta sin, leis an Treoir seo éascaítear bailiú na faisnéise agus na fianaise trí imthosca maolaitheacha a leagan amach le haghaidh ciontóirí a chuidíonn leis na húdaráis.	(28) Mar chatagóir choireachta is deacair cionta éillithe a shainaithint agus a imscrúdú, ós rud é go dtarlaíonn siad den chuid is mó mar chuid de chomhcheilg idir dhá pháirtí thoilteanacha nó níos mó agus nach mbíonn íospartach láithreach agus follasach ann, a d'fhéadfadh gearán a dhéanamh. Dá réir sin, tá sciar suntasach de choireacht éillithe ann nach mbraitear fós agus tá na páirtithe coiriúla in ann tairbhiú d'fháltais a n-éillithe. Dá fhad a thógann sé chun cion éillithe a bhrath, is ea is deacra atá sé fianaise a nochtadh. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha iomchuí ag na húdaráis forfheidhmithe dlí agus ionchúisitheoirí chun fianaise ábhartha ar chionta éillithe a bhailiú, ar minic a dhéantar difear leis na cionta sin do níos mó ná Ballstát amháin. ***Ba cheart a áireamh ar na huirlisí sin, ar a laghad, na huirlisí sin a liostaítear i dTreoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], amhail imscrúduithe ceilte, bearta imscrúdaitheacha lena dtugtar le tuiscint go mbailítear fianaise i bhfíor-am, go leanúnach agus thar thréimhse áirithe ama, idircheapadh teileachumarsáide, faisnéis faoi bhaincéireacht agus oibríochtaí airgeadais eile chomh maith le cuntais bhainc agus cuntais airgeadais eile.*** Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit oiliúint leordhóthanach a leithdháileadh, i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), ar úsáid uirlisí imscrúdaitheacha freisin chun go n-éireoidh le himeachtaí a dhéanamh agus le sainaithint agus cainníochtú na bhfáltas éillithe i gcomhthéacs reo agus coigistiú. Ina theannta sin, leis an Treoir seo éascaítear bailiú na faisnéise agus na fianaise trí imthosca maolaitheacha a leagan amach le haghaidh ciontóirí a

chuidíonn leis na húdaráis.

_____

[1a]Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch.1.)

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Tá eagraíochtaí sochaí sibhialta neamhspleácha ríthábhachtach le haghaidh dhea-fheidhmiú ár ndaonlathas, agus tá príomhról acu maidir le seasamh leis na comhluachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe. Gníomhaíonn siad mar fhorais faire fhíor-riachtanacha, a tharraingíonn aird ar bhagairtí ar an smacht reachta, a rannchuidíonn lena fhágáil go mbíonn na cumhachtaí sin cuntasach, agus áirithíonn urraim do chearta bunúsacha. Ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i ngníomhaíochtaí frithéillithe a chur chun cinn.	(30) Tá eagraíochtaí sochaí sibhialta neamhspleácha ríthábhachtach le haghaidh dhea-fheidhmiú ár ndaonlathas, agus tá príomhról acu maidir le seasamh leis na comhluachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe. Gníomhaíonn siad mar fhorais faire fhíor-riachtanacha, a tharraingíonn aird ar bhagairtí ar an smacht reachta, a rannchuidíonn lena fhágáil go mbíonn na cumhachtaí sin cuntasach, agus áirithíonn urraim do chearta bunúsacha. Ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i ngníomhaíochtaí frithéillithe a chur chun cinn. ***Ba cheart go mbeadh rannpháirtíocht chomhsheasmhach na sochaí sibhialta sa chosc agus sa chomhrac i gcoinne an éillithe, chomh maith le feasacht an phobail a mhúscailt maidir leis an éilliú a bheith ann, cúiseanna agus tromaíocht an éillithe agus na bagairtí a bhaineann leis, ina ghné bhunriachtanach de chur chuige an Aontais.***

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Tá iolrachas sna meáin agus saoirse na meán ina bpríomhchumasóirí le haghaidh an smachta reachta, na cuntasachta daonlathaí, an chomhionannais agus an chomhraic in aghaidh an éillithe. Maidir leis na meáin neamhspleácha agus iolraíocha, go háirithe an iriseoireacht iniúchach, tá ról tábhachtach acu maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí poiblí, sáruithe éillithe agus ionracais féideartha a bhrath, feasacht a mhúscailte agus sláine a chur chun cinn. Tá oibleagáid ar na Ballstáit timpeallacht chumasúcháin a ráthú le haghaidh iriseoirí, a sábháilteacht a chosaint agus saoirse na meán agus iolrachas sna meáin a chur chun cinn go réamhghníomhach. Leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí[49], mar aon leis an ***togra*** le haghaidh Treorach[50] agus Moladh ón gCoimisiún[51] maidir le daoine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ó imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach (‘Cúiseanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail’) áirítear coimircí agus caighdeáin thábhachtacha chun a áirithiú go mbeidh iriseoirí, cosantóirí chearta an duine agus daoine eile in ann a ról a dhéanamh gan bhac.	(31) Tá iolrachas sna meáin agus saoirse na meán ina bpríomhchumasóirí le haghaidh an smachta reachta, na cuntasachta daonlathaí, an chomhionannais agus an chomhraic in aghaidh an éillithe. Maidir leis na meáin neamhspleácha agus iolraíocha, go háirithe an iriseoireacht iniúchach, tá ról tábhachtach acu maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí poiblí, sáruithe éillithe agus ionracais féideartha a bhrath, feasacht a mhúscailte agus sláine a chur chun cinn. Tá oibleagáid ar na Ballstáit timpeallacht chumasúcháin a ráthú le haghaidh iriseoirí, a sábháilteacht a chosaint agus saoirse na meán agus iolrachas sna meáin a chur chun cinn go réamhghníomhach. Sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí[49], chomh maith leis na ***tograí le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán)[49a] agus*** le haghaidh Treorach maidir le daoine a chosaint a ghlacann páirt sa phobal ó imeachtaí cúirte atá gan bhunús nó mí-úsáideach go follasach [50] agus sa Mholadh ón gCoimisiún[51] maidir le daoine a bhíonn páirteach i rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte gan bhunús nó ar imeachtaí mí-úsáideacha go follasach (‘Cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail’) áirítear coimircí agus caighdeáin thábhachtacha chun a áirithiú gur féidir le hiriseoirí, cosantóirí chearta an duine agus daoine eile a ról a chomhlíonadh gan bhac.
[49] Moladh ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le cosaint,	[49] Moladh ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le cosaint,

sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin san Aontas Eorpach a áirithiú, C(2021)6650 final.	sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin san Aontas Eorpach a áirithiú, C(2021)6650 final.
	[49a] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle – creat comhchoiteann a bhunú le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (an tAcht Eorpach um Shaoirse na Meán) agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE, COM/2022/457 final.
[50] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach (‘Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí’), COM/2022/177 final.	[50] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach (‘Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí’), COM/2022/177 final.
[51] Moladh ón gCoimisiún maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ó imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach (‘Cúiseanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail’), C(2022) 2428 final.	[51] Moladh ón gCoimisiún maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ó imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach (‘Cúiseanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail’), C(2022) 2428 final.
	Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Chun an t-éilliú a chomhrac go héifeachtach, tá ríthábhacht le malartú faisnéise éifeachtúil idir na húdaráis inniúla atá freagrach as cionta éillithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar faisnéis a mhalartú ar bhealach éifeachtach agus tráthúil i gcomhréir leis an dlí	(33) Chun an t-éilliú a chomhrac go héifeachtach, tá ríthábhacht le malartú faisnéise éifeachtúil idir na húdaráis inniúla atá freagrach as cionta éillithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar faisnéis a mhalartú ar bhealach éifeachtach agus tráthúil i gcomhréir leis an dlí

náisiúnta agus le dlí an Aontais. Ba cheart don Treoir seo, arb é is aidhm di sainmhínithe coiteanna ar chionta éillithe a leagan síos, fónamh mar thagarmharc le haghaidh malartú faisnéise agus comhair idir na húdaráis náisiúnta inniúla faoi Threoracha (AE) XX/2023[52], (AE) 2019/1153[53], (AE) 2016/681[54] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (AE) 2018/1240[55], (AE) 2018/1862[56] agus (AE) 603/2013[57] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle[58].

náisiúnta agus le dlí an Aontais. Ba cheart don Treoir sin, arb é is aidhm di sainmhínithe coiteanna ar chionta éillithe a leagan síos, fónamh mar thagarmharc le haghaidh malartú faisnéise agus comhair idir na húdaráis náisiúnta inniúla faoi Threoracha (AE) 2023/977[52], (AE) 2019/1153[53], (AE) 2016/681[54] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (AE) 2018/1240[55], (AE) 2018/1862[56] agus (AE) 603/2013[57] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle[58]. ***Chun slándáil na faisnéise a roinntear idir aonaid agus gníomhaireachtaí um Imscrúdú Frithéillithe a áirithiú, ba cheart úsáid an fheidhmchláir Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA), arna bhainistiú ag Europol i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58a], a bheith éigeantach do gach aonad agus gníomhaireacht um Imscrúdú Frithéillithe faoin Treoir sin.***

---

[52]Féach Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dhlí na mBallstát, lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle, COM/2021/782 final.

[53]Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile chun coireanna coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/JHA ón gComhairle IO L 186, 11.7.2019, lch. 122.

[54] Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a

[52]Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle (IO L 134, 22.5.2023, lch. 1).

[53]Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile chun coireanna coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/JHA ón gComhairle IO L 186, 11.7.2019, lch. 122.

[54] Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a

bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132), Iarscríbhinn II, pointe 6.

[55] Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1), Iarscríbhinn, pointe 7.

[56] Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/JHA ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún, (IO L 312 7.12.2018, lch. 56). Déantar tagairt don éilliú go hindíreach i gCinneadh SIS II ón gComhairle trína raon feidhme a theorannú le tagairt don Bharántas Gabhála Eorpach, mar shampla in Airteagal 8.

[57]Rialachán (AE) Uimh 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú ‘Eurodac’ chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac

bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132), Iarscríbhinn II, pointe 6.

[55] Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1), Iarscríbhinn, pointe 7.

[56] Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/JHA ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún, (IO L 312 7.12.2018, lch. 56). Déantar tagairt don éilliú go hindíreach i gCinneadh SIS II ón gComhairle trína raon feidhme a theorannú le tagairt don Bharántas Gabhála Eorpach, mar shampla in Airteagal 8.

[57]Rialachán (AE) Uimh 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú ‘Eurodac’ chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac

chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála sa limistéar saoirse agus slándála (IO L 180, 29.6.2013, lch. 1).

[58] Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain chomhairliúcháin ar an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) ag údaráis ainmnithe na mBallstát agus ag Europol chun críocha coisc, braite agus imscrúdaithe i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile (IO L 218, 13.8.2008, lch. 129). Déantar tagairt don éilliú go hindíreach i gCinneadh VIS ón gComhairle maidir le forfheidhmiú an dlí trína raon feidhme a theorannú le tagairt don Bharántas Gabhála Eorpach in aithris 6.

chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála sa limistéar saoirse agus slándála (IO L 180, 29.6.2013, lch. 1).

[58] Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain chomhairliúcháin ar an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) ag údaráis ainmnithe na mBallstát agus ag Europol chun críocha coisc, braite agus imscrúdaithe i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile (IO L 218, 13.8.2008, lch. 129). Déantar tagairt don éilliú go hindíreach i gCinneadh VIS ón gComhairle maidir le forfheidhmiú an dlí trína raon feidhme a theorannú le tagairt don Bharántas Gabhála Eorpach in aithris 6.

[58a]Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/JHA, 2009/934/JHA, 2009/935/ JHA, 2009/936/ JHA agus 2009/968/ JHA ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach
Aithris 33 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(33a) Is minic nach mbíonn ionadaíocht ag íospartaigh an éillithe i bpróisis dlí, comhairliúchán in imscrúduithe éillithe, agus deiseanna chun cúiteamh a fháil.

Go praiticiúil, is minic a dhéantar faillí ar rannpháirtíocht agus ar chearta íospartach trí ghníomhaíochtaí in aghaidh éilliú idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú, rud a chruthaíonn bearna shuntasach ina bhfuil íospartaigh anaithnid den chuid is mó. Ba cheart do na Ballstáit cearta na n-íospartach a choimirciú, agus a áirithiú go ndéanfar a ndearcthaí a chur in iúl agus a mheas gan cur isteach ar chearta na cosanta i gcoinne ciontóirí le linn imeachtaí coiriúla. Is é bunús an cheartais cúiteamh na n-íospartach agus ba cheart ba cheart go dtabharfaí de chumhacht d'íospartaigh leigheasanna a lorg. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit bearta a chur chun feidhme lena gceadaítear do dhaoine aonair nó d'eintitis a ndéantar díobháil dóibh le gníomhartha éillithe caingne dlí a thionscnamh i gcoinne na bpáirtithe freagracha cúiteamh iomchuí a lorg.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Is saincheist chothrománach é an t-éilliú, cé go n-athraíonn leochaileachtaí ó earnáil go chéile, mar aon leis an mbealach is leordhóthanaí chun dul i ngleic leo. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh go tráthrialta chun na hearnálacha is mó atá i mbaol an éillithe a shainaithint agus pleananna bainistithe riosca a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na príomhrioscaí sna hearnálacha a shainaithnítear, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí múscailte feasachta a eagrú, ar a laghad uair sa bhliain, ar gníomhaíochtaí iad bheidh oiriúnaithe do	(34) Is saincheist chothrománach é an t-éilliú, cé go n-athraíonn leochaileachtaí ó earnáil go chéile, mar aon leis an mbealach is leordhóthanaí chun dul i ngleic leo. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh go tráthrialta chun na hearnálacha is mó atá i mbaol an éillithe a shainaithint agus pleananna bainistithe riosca a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na príomhrioscaí sna hearnálacha a shainaithnítear, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí múscailte feasachta a eagrú, ar a laghad uair sa bhliain, ar gníomhaíochtaí iad bheidh oiriúnaithe do

shainiúlachtaí na n-earnálacha a shainaithnítear. Na Ballstáit ag a bhfuil straitéisí frithéillithe náisiúnta leathana i bhfeidhm, féadfaidh siad a roghnú freisin aghaidh a thabhairt ar a measúnuithe riosca agus ar a bpleananna bainistithe riosca iontu, fad a dhéantar measúnú ar na rioscaí agus a dhéantar athbhreithniú ar na bearta go tráthrialta. Mar shampla, tá scéimeanna ***cónaithe*** d'infheisteoirí i measc na n-earnálacha ina bhfuil rioscaí arda d'éilliú[59]***.*** agus ba cheart, dá bhrí sin, ***iad a áireamh sna measúnuithe ar na hearnálacha is mó atá i mbaol éillithe agus ar an oiliúint atá le déanamh ag*** na Ballstáit ***dá bhforáiltear sa Treoir sin***.

[59] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún, Scéimeanna Saoránachta agus Cónaithe d'Infheisteoirí agus san Aontas Eorpach, an 23 Eanáir 2019, COM(2019) 12 final.

shainiúlachtaí na n-earnálacha a shainaithnítear. Na Ballstáit ag a bhfuil straitéisí frithéillithe náisiúnta leathana i bhfeidhm, féadfaidh siad a roghnú freisin aghaidh a thabhairt ar a measúnuithe riosca agus ar a bpleananna bainistithe riosca iontu, fad a dhéantar measúnú ar na rioscaí agus a dhéantar athbhreithniú ar na bearta go tráthrialta. Mar shampla, tá scéimeanna ***saoránachta*** d'infheisteoirí i measc na n-earnálacha ina bhfuil ardriosca d'éilliú[59] agus ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, ***toirmeasc iomlán*** a chur orthu***. Ba cheart toirmeasc a chur freisin ar scéimeanna cónaithe do náisiúnaigh Rúiseacha atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe[59a]***.

[59] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún, Scéimeanna Saoránachta agus Cónaithe d'Infheisteoirí agus san Aontas Eorpach, an 23 Eanáir 2019, COM(2019) 12 final.

[59a] P9_TA(2022)0065 Saoránacht agus cónaí trí scéimeanna infheistíochta rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 2022 le tograí don Choimisiún maidir le saoránacht agus cónaí trí scéimeanna infheistíochta (2021/2026(INL)), mír 23

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach
Aithris 34 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34a) Ba cheart don Choimisiún Eorpach tacú leis na Ballstáit agus lena n-údaráis na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir sin a chomhlíonadh. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún treoir

agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le cumas a n-institiúidí a fheabhsú, comhlachtaí imscrúdaitheacha agus na breithiúna a neartú chun freagairt níos fearr a thabhairt ar rioscaí éillithe arna sainaithint ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach
Aithris 34 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34b) Ba cheart do líonra an Aontais i gcoinne an éillithe saineolas agus acmhainní na mBallstát, institiúidí an Aontais, na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí a thabhairt le chéile chun straitéisí cuimsitheacha a fhorbairt agus dea-chleachtais a chomhroinnt sa chomhrac i gcoinne an éillithe. Ba cheart go bhfeidhmeodh sé mar ardán don chomhar, don chomhordú agus do chomhroinnt faisnéise, lena n-áirítear le heagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta, rud a chuirfeadh ar chumas an Aontais an t-éilliú a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Chun foráil a dhéanamh maidir le leibhéal coibhéiseach cosanta idir leasanna airgeadais an Aontais agus na leasanna	(35) Chun foráil a dhéanamh maidir le leibhéal coibhéiseach cosanta idir leasanna airgeadais an Aontais agus na leasanna

airgeadais náisiúnta, ba cheart forálacha Threoir (AE) 2017/1371[60] a ailíniú ***le forálacha na Treorach sin***. Chuige sin, ***na rialacha is infheidhme maidir le cionta coiriúla*** lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais ***a mhéid a bhaineann le*** smachtbhannaí, imthosca géaraitheacha agus maolaitheacha agus ***tréimhsí teorann***, ba cheart iad a bheith coibhéiseach leo sin a leagtar síos leis an Treoir sin.

[60]Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil, IO 198 L, 28.7.2017, lch. 29.

airgeadais náisiúnta, ba cheart forálacha Threoir (AE) 2017/1371[60] a ailíniú leis ***na caighdeáin a leagtar amach sa*** Treoir sin. Chuige sin, ***ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur*** cionta iad na cionta ***a chumhdaítear leis an Treoir sin freisin nuair a*** dhéanann siad difear do leasanna airgeadais an Aontais***. Dá bhrí sin, na caighdeáin a leagtar amach i dTreoir (AE) 2017/1371 chun éilliú a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac, go háirithe i dtéarmaí sainmhínithe ar chionta coiriúla,*** smachtbhannaí, ***tréimhsí teorann***, imthosca géaraitheacha agus maolaitheacha agus ***dlínse***, ba cheart iad a bheith coibhéiseach leis na caighdeáin a leagtar síos leis an Treoir sin.

[60]Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil, IO 198 L, 28.7.2017, lch. 29.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) is comhalta d'institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais agus foireann na gcomhlachtaí sin, déanfar iad a chomhshamhlú ina n-oifigigh de chuid an Aontais.	(a) déanfar comhalta d'institiúid, de chomhlacht, d'oifig nó de ghníomhaireacht de chuid an Aontais agus foireann na gcomhlachtaí sin a chomhshamhlú ina n-oifigigh de chuid an Aontais***, sa mhéid nach mbeidh feidhm ag Rialacháin Foirne Oifigigh*** an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ("na Rialacháin Foirne")

maidir leo.

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5 ciallaíonn ‘oifigeach náisiúnta’ aon duine atá i seilbh oifig feidhmiúcháin, riaracháin nó bhreithiúnach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, cé acu atá nó nach bhfuil sé ceaptha nó tofa, cé acu atá nó nach bhfuil sé buan nó sealadach, cé acu atá nó nach bhfuil sé íoctha nó neamhíoctha, gan beann ar shinsearacht an duine sin. Aon duine atá i seilbh oifig reachtach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil ***meastar*** gur oifigeach náisiúnta é chun críoch na Treorach sin.	5 ciallaíonn ‘oifigeach náisiúnta’ aon duine atá i seilbh oifig feidhmiúcháin, riaracháin nó bhreithiúnach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, cé acu atá nó nach bhfuil sé ceaptha nó tofa, cé acu atá nó nach bhfuil sé buan nó sealadach, cé acu atá nó nach bhfuil sé íoctha nó neamhíoctha, gan beann ar shinsearacht an duine sin. Aon duine atá i seilbh oifig reachtach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, ***déanfar é a chomhshamhlú ina*** oifigeach náisiúnta nó ina hoifigeach náisiúnta chun críche na Treorach sin.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8 is é atá i gceist le ‘oifigigh ardleibhéil’ cinn stáit, cinn de rialtas láir agus réigiúnach, comhaltaí de rialtas láir agus réigiúnach, mar aon le ceapaithe polaitiúla eile atá i seilbh oifig phoiblí ardleibhéil amhail leas-airí, rúnaithe stáit, cinn agus comhaltaí d’oifig phríobháideach aire, agus oifigigh shinsearacha pholaitiúla, mar aon le comhaltaí de sheomraí tionóil parlaiminteacha, comhaltaí de na	8 is é atá i gceist le ‘oifigigh ardleibhéil’ cinn stáit, cinn de rialtas láir agus réigiúnach, comhaltaí de rialtas láir agus réigiúnach***, comhaltaí de Choláiste Choimisinéirí an Choimisiúin Eorpaigh***, mar aon le ceapaithe polaitiúla eile atá i seilbh oifig phoiblí ardleibhéil amhail leas-airí, rúnaithe stáit, cinn agus comhaltaí d’oifig phríobháideach aire, agus oifigigh shinsearacha pholaitiúla, mar aon le

Cúirteanna is airde, amhail Cúirteanna Bunreachtúla agus Uachtaracha, agus comhaltaí d'Uasfhorais Iniúchóireachta.	comhaltaí de sheomraí tionóil parlaiminteacha, comhaltaí de ***Pharlaimint na hEorpa, comhaltaí de*** na Cúirteanna is airde, amhail na Cúirteanna Bunreachtúla agus Uachtaracha, ***oifigigh mhíleata, feidhmeannaigh shinsearacha corparáidí atá faoi úinéireacht stáit, oifigigh de chuid páirtithe polaitiúla*** agus comhaltaí d'Uasfhorais Iniúchóireachta.
	Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	8a. ciallaíonn 'móréilliú' aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 7 go hAirteagal 14 a dhéanamh, i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir leis an gcion:
	(a) go raibh baint ag oifigeach ardleibhéil leis; nó
	(b) go ndearnadh é mar chuid de scéim choiriúil; nó
	(c) a raibh míleithreasú maoine mar thoradh air; go raibh míleithreasú maoine mar thoradh air;
	(d) gur tharla sárú tromchúiseach nó mí-úsáid thromchúiseach ar chearta an duine, nó aon sárú nó mí-úsáid eile ar chearta an duine, nó go bhfuil sé beartaithe go mbeidh sárú nó mí-úsáid thromchúiseach ar chearta an duine mar thoradh air, sa mhéid go bhfuil an sárú nó an mhí-úsáid sin forleathan, córasach nó go bhfuil sé ina ábhar imní tromchúiseach ar bhealach eile.
	Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	8b. ciallaíonn 'íospartach éillithe' daoine a d'fhulaing díobháil, go díreach nó go hindíreach, ar bhonn aonair nó i dteannta a chéile, lena n-áirítear díobháil choirp nó mheabhrach, fulaingt mhothúchánach, caillteanas eacnamaíoch nó lagú substaintiúil ar a gcearta bunúsacha, trí ghníomhartha nó trí easnaimh a d'eascair as aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 7 go 14.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí, ***amhail*** feachtais faisnéise agus múscailte feasachta agus cláir thaighde agus oideachais, chun feasacht phoiblí a mhúscailt maidir le díobhálacht an éillithe agus chun déanamh foriomlán cionta éillithe mar aon le riosca an éillithe a laghdú.	1 Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí, ***lena n-áirítear*** feachtais faisnéise agus múscailte feasachta agus cláir thaighde agus oideachais, chun feasacht phoiblí a mhúscailt maidir le díobhálacht an éillithe agus chun déanamh foriomlán cionta éillithe mar aon le riosca an éillithe a laghdú.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 Déanfaidh na Ballstáit bearta chun an leibhéal is airde trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú sa riarachán poiblí agus sa chinnteoireacht phoiblí d'fhonn an t-éilliú a chosc.	2 Déanfaidh na Ballstáit bearta chun an leibhéal is airde ***ionracais,*** trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú***, trí earcaíocht agus ardú céime atá bunaithe ar fhiúntas*** sa riarachán poiblí agus sa chinnteoireacht phoiblí d'fhonn éilliú a chosc.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go mbeidh príomhuirlisí coisctheacha i bhfeidhm ***amhail rochtain oscailte ar fhaisnéis a bhaineann le leas an phobail, rialacha éifeachtacha chun coinbhleachtaí leasanna a nochtadh agus a bhainistiú san earnáil phoiblí, rialacha éifeachtacha chun sócmhainní oifigeach poiblí a nochtadh agus a fhíorú agus rialacha éifeachtacha lena rialáiltear an idirghníomhaíocht idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí.***	3 Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go mbeidh príomhuirlisí coisctheacha i bhfeidhm***, amhail:***

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 3 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) straitéis frithéillithe agus plean gníomhaíochta a forbraíodh le rannpháirtíocht na n-údarás inniúil agus

na sochaí sibhialta;

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 3 – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) rochtain oscailte ar fhaisnéis is ábhar spéise don phobail;

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 3 – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c) rialacha éifeachtacha maidir le coinbhleachtaí leasa san earnáil phoiblí a nochtadh agus a bhainistiú, lena n-áirítear coinbhleachtaí nua a nochtadh ad-hoc de réir mar a thagann siad chun cinn, agus smachtbhannaí a bhunú as mainneachtain sócmhainní nó leasanna suntasacha a thuairisciú;

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 3 – pointe d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(d) rialacha éifeachtacha maidir le nochtadh agus fíorú tréimhsiúil agus

riosca-bhunaithe ar shócmhainní agus leasanna oifigeach poiblí agus maidir le smachtbhannaí a bhunú mar gheall ar mhainneachtain sócmhainní nó leasanna substaintiúla a thuairisciú;

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 3 – pointe e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(e) rialacha éifeachtacha lena dtugtar aghaidh ar an idirghníomhaíocht idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí, lena n-áirítear rialáil cásanna brústocaireachta agus doirse imrothlacha, foilsiú réamhghníomhach cruinnithe stocaireachta, lorg reachtach poiblí a bhunú, agus lena mbunaítear an oibleagáid ar chomhlachais, meithleacha machnaimh agus eagraíochtaí neamhbhrabúis a bhíonn ag gabháil d'ionadaíocht leasa clárú i gcláir trédhearcachta agus ballraíocht chorparáideach a nochtadh;

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 3 – pointe f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(f) córais idir-inoibritheacha chun na sonraí uile a liostaítear faoin Airteagal sin a fhoilsiú agus a nochtadh, amhail cláir thrédhearcachta. Déanfar na sonraí uile a liostaítear faoin Airteagal sin a chur ar fáil go poiblí, déanfar iad a

nuashonrú go tráthúil, beidh rochtain orthu i bhformáidí meaisín-inléite agus beidh siad in-íoslódáilte ar an mórchóir.

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun trédhearcacht a áirithiú i gcistiú iarrthóireachtaí d'oifigigh phoiblí thofa agus do pháirtithe polaitiúla, trí shásraí tuairiscithe bliantúla, amhail rialacha éifeachtacha maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla a thuairisciú, a iniúchadh agus a nochtadh, oibleagáidí comhionanna maidir leis na sonraí uile maidir le hioncam, dliteanais agus caiteachas do rannpháirtithe i bhfeachtais toghcháin a bhailiú agus a fhoilsiú.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4 Glacfaidh na Ballstáit bearta cuimsitheacha agus cothrom le dáta chun an t-éilliú a chosc san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, arna n-oiriúnú do rioscaí sonracha réimse gníomhaíochta. Leis na bearta sin áireofar ar a laghad gníomhaíochtaí chun an t-ionracas a neartú agus deiseanna le haghaidh an éillithe a chosc i measc:	4 Glacfaidh na Ballstáit bearta cuimsitheacha agus cothrom le dáta chun an t-éilliú a chosc san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, arna n-oiriúnú do rioscaí sonracha réimse gníomhaíochta. ***Áireofar sna réimsí sin ar a laghad réimsí coiteanna ardriosca amhail earnáil na sláinte, soláthar poiblí agus earnáil na tógála.*** Leis na bearta ***sin*** áireofar ar a laghad gníomhaíochtaí chun

an t-ionracas a neartú agus deiseanna le haghaidh an éillithe a chosc i measc:

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) comhaltaí de na húdaráis forfheidhmithe dlí agus de na breithiúna, lena n-áirítear bearta a bhaineann lena gceapachán agus lena n-iompar, agus trí luach saothair leordhóthanach agus scálaí pá cothromasacha a áirithiú.	(b) comhaltaí de na húdaráis forfheidhmithe dlí agus de na breithiúna, lena n-áirítear bearta a bhaineann lena gceapachán, lena ***n-ardú céime*** agus lena n-iompar atá ***bunaithe ar fhiúntas***, agus trí luach saothair leordhóthanach agus scálaí pá cothromasacha a áirithiú.

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit measúnú ***go tráthrialta*** chun na hearnálacha is mó atá i mbaol an éillithe a shainaithint.	Déanfaidh na Ballstáit measúnú ***go bliantúil*** chun na hearnálacha is mó atá i mbaol an éillithe a shainaithint.

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 5 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) pleananna a fhorbairt chun aghaidh	(b) pleananna ***earnála frith-éillithe*** a

a thabhairt ar na príomhrioscaí sna hearnálacha arna sainaithint*.*	fhorbairt*, le sásraí cur chun feidhme agus faireacháin* chun aghaidh a thabhairt ar na príomhrioscaí sna hearnálacha a sainaithníodh*; agus*

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 5 – fomhír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) a chinntiú go bhfuil torthaí na measúnuithe ar fáil don phobal.

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn i mbainistiú an airgeadais phoiblí. Déanfaidh na Ballstáit, go háirithe, na bearta is gá chun córais iomchuí soláthair a bhunú, bunaithe ar thrédhearcacht, ar iomaíocht agus ar chritéir oibiachtúla sa chinnteoireacht.
	Foilseoidh na Ballstáit faisnéis i bhformáidí sonraí oscailte lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, buiséid rialtais, caiteachas rialtais, soláthar poiblí, taifid vótála, ceadanna agus lamháltais, agus fóirdheontais stáit.

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6 ***I gcás inarb iomchuí, déanfaidh na Ballstáit bearta chun rannpháirtíocht na*** sochaí sibhialta, ***eagraíochtaí*** neamhrialtasacha agus ***eagraíochtaí*** pobalbhunaithe i ngníomhaíochtaí frithéillithe a chur chun cinn.	6 Rachaidh na Ballstáit ***i dteagmháil go gníomhach leis an tsochaí shibhialta, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le heagraíochtaí pobalbhunaithe agus rachaidh siad i gcomhairle*** leo ***maidir le gníomhaíochtaí agus measúnuithe frithéillithe. Bunóidh na Ballstáit timpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta chun go n-oibreoidh sí agus go mbeidh siad rannpháirteach go fóinteach*** i ngníomhaíochtaí frith-éillithe. **.**

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun éilliú a bhaineann leis an earnáil phríobháideach a chosc trí chóid iompair a fhorbairt, trí chaighdeáin chuntasaíochta agus iniúchóireachta a fheabhsú, chomh maith le rialuithe inmheánacha agus trédhearcacht, agus iniúchóireacht sheachtrach á breithniú acu, go háirithe in earnálacha ardriosca agus trí chomhar le forfheidhmiú an dlí a chur chun cinn.

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tá siad neamhspleách ***ó thaobh feidhme*** de ón rialtas agus tá líon leordhóthanach foirne cáilithe acu agus na hacmhainní airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha, mar aon leis na cumhachtaí agus na huirlisí is gá acu chun riar cuí a gcúraimí a áirithiú;	(a) tá siad neamhspleách ar an rialtas ***agus tá siad in ann cinntí a dhéanamh go neamhspleách maidir le cásanna aonair*** agus tá líon leordhóthanach foirne cáilithe agus na hacmhainní airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha acu, mar aon leis na cumhachtaí agus na huirlisí is gá chun riar cuí a gcúraimí a áirithiú;

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 3 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) tuarascálacha bliantúla a chur ar fáil maidir lena ngníomhaíochtaí agus maidir lena dtorthaí;

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 3 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cb) bunachar sonraí a sholáthar agus a thabhairt cothrom le dáta gach bliain maidir le cásanna éillithe, lena n-áirítear ciontuithe, damáistí agus sócmhainní arna n-aisghabháil;

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb amhlaidh, maidir leis na húdaráis náisiúnta atá inniúil sna cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir sin a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú, a dhéanfar líon leordhóthanach foirne cáilithe a sholáthar dóibh go leanúnach mar aon leis na hacmhainní airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha is gá le haghaidh fheidhmíocht éifeachtach a bhfeidhmeanna a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach sin.	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb amhlaidh, maidir leis na húdaráis náisiúnta atá inniúil sna cionta coiriúla a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú, ***agus ar na bearta coisctheacha*** dá dtagraítear sa Treoir sin a dhéanfar líon leordhóthanach foirne cáilithe a sholáthar dóibh go leanúnach mar aon leis na hacmhainní airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha is gá le haghaidh fheidhmíocht éifeachtach a bhfeidhmeanna a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach sin.

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun acmhainní leordhóthanacha agus soláthar oiliúna a áirithiú le haghaidh na n-oifigeach náisiúnta dá chuid chun bheith in ann foirmeacha difriúla éillithe agus rioscaí éillithe a fhéadfaidh tarlú i bhfeidhmiú a ndualgas a shainaithint agus chun freagairt ar bhealach tráthúil agus iomchuí d'aon ghníomhaíocht amhrasach.	1 Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun acmhainní leordhóthanacha agus soláthar oiliúna a áirithiú le haghaidh na n-oifigeach náisiúnta dá chuid chun bheith in ann foirmeacha difriúla éillithe agus rioscaí éillithe a fhéadfaidh tarlú i bhfeidhmiú a ndualgas ***a chosc agus*** a shainaithint agus chun freagairt ar bhealach tráthúil agus iomchuí d'aon ghníomhaíocht amhrasach.

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun acmhainní leordhóthanacha a áirithiú d'oiliúint frithéillithe speisialaithe agus chun a áirithiú go soláthrófaí í go tráthrialta le haghaidh a chomhaltaí de na húdaráis forfheidhmithe dlí agus den bhreithiúnacht agus le haghaidh fhoireann na n-údarás a gcuirtear imscrúduithe coiriúla agus imeachtaí i leith cionta a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin ar a gcúram.	2 Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun acmhainní leordhóthanacha a áirithiú d'oiliúint frithéillithe speisialaithe agus chun a áirithiú go soláthrófaí í go tráthrialta le haghaidh a chomhaltaí de na húdaráis forfheidhmithe dlí agus den bhreithiúnacht agus le haghaidh fhoireann na n-údarás a gcuirtear imscrúduithe coiriúla ***agus riaracháin*** agus imeachtaí i leith cionta a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin ar a gcúram.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 7 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) buntáiste d'aon chineál a ghealladh, a thairiscint ***nó*** a thabhairt, go díreach nó trí idirghabhálaí, d'oifigeach poiblí le haghaidh an oifigigh sin nó le haghaidh tríú páirtí chun go ngníomhóidh an t-oifigeach poiblí nó go staonfaidh sé ó ghníomhú ***i gcomhréir lena dhualgas*** nó i bhfeidhmiú fheidhmeanna an oifigigh sin (breabaireacht ghníomhach);	(a) buntáiste ***míchuí*** d'aon chineál a ghealladh, a thairiscint***,*** a thabhairt ***nó a bhronnadh***, go díreach nó trí idirghabhálaí, d'oifigeach poiblí le haghaidh an oifigigh sin nó le haghaidh tríú páirtí chun go ngníomhóidh an t-oifigeach poiblí nó go staonfaidh sé ó ghníomhú i gcomhréir lena dhualgas nó i bhfeidhmiú fheidhmeanna an oifigigh sin (breabaireacht ghníomhach);

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 7 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) buntáiste d'aon chineál a bheith iarrtha nó faighte ag oifigeach poiblí, go díreach nó trí idirghabhálaí, nó gealladh an bhuntáiste sin le haghaidh an oifigigh sin nó le haghaidh tríú páirtí, chun go ngníomhóidh an t-oifigeach poiblí nó go staonfaidh sé ó ghníomhú ***i gcomhréir lena dhualgas*** nó i bhfeidhmiú fheidhmeanna an oifigigh sin (breabaireacht éighníomhach).	(b) buntáiste ***míchuí*** d'aon chineál a bheith iarrtha nó faighte ag oifigeach poiblí, go díreach nó trí idirghabhálaí, nó ***glacadh le tairiscint nó*** gealladh an bhuntáiste sin le haghaidh an oifigigh sin nó le haghaidh tríú páirtí, chun go ngníomhóidh an t-oifigeach poiblí nó go staonfaidh sé ó ghníomhú nó i bhfeidhmiú fheidhmeanna an oifigigh sin (breabaireacht éighníomhach).

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) buntáiste míchuí d'aon chineál a ghealladh, a thairiscint ***nó*** a thabhairt***,*** go díreach nó trí idirghabhálaí, d'aon duine a stiúrann nó a oibríonn in aon cháil le haghaidh eintiteas de chuid na hearnála príobháidí, le haghaidh an duine sin nó le haghaidh tríú páirtí, chun go ngníomhóidh an duine sin nó go staonfaidh sé ó ghníomhú, de shárú ar dhualgais an duine sin (breabaireacht ghníomhach);	(a) buntáiste míchuí d'aon chineál a ghealladh, a thairiscint***,*** a thabhairt ***nó a bhronnadh*** go díreach nó trí idirghabhálaí, d'aon duine a stiúrann nó a oibríonn in aon cháil le haghaidh eintiteas de chuid na hearnála príobháidí, le haghaidh an duine sin nó le haghaidh tríú páirtí, chun go ngníomhóidh an duine sin nó go staonfaidh sé ó ghníomhú, de shárú ar dhualgais an duine sin (breabaireacht ghníomhach);

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) buntáiste míchuí d'aon chineál a bheith iarrtha nó faighte ag duine, go	(b) buntáiste míchuí d'aon chineál a bheith iarrtha nó faighte ag duine, go

díreach nó trí idirghabhálaí, nó gealladh an bhuntáiste sin, le haghaidh an duine sin nó tríú páirtí, le linn dó a bheith ag stiúradh eintiteas de chuid na hearnála príobháidí nó a bheith ag obair lena aghaidh in aon cháil, chun gníomhú nó staonadh ó ghníomhú, de shárú ar dhualgais an duine sin (breabaireacht éighníomhach).	díreach nó trí idirghabhálaí ***nó glacadh le tairiscint*** nó gealladh an bhuntáiste sin, le haghaidh an duine sin nó tríú páirtí, le linn dó a bheith ag stiúradh eintiteas de chuid na hearnála príobháidí nó a bheith ag obair lena aghaidh in aon cháil, chun gníomhú nó staonadh ó ghníomhú, de shárú ar dhualgais an duine sin (breabaireacht éighníomhach).

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 12 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 fórsa fisiciúil, bagairtí nó imeaglú a úsáid, go díreach nó trí idirghabhálaí, nó buntáiste a ghealladh, a thairiscint nó a thabhairt chun léiriú bréige a spreagadh nó chun cur isteach ar léiriú a thabhairt nó fianaise a thabhairt ar aird in imeachtaí maidir le ***haon cheann de na*** cionta ***dá dtagraítear in Airteagail 7 go 11, 13 agus 14***;	1 fórsa fisiciúil, bagairtí nó imeaglú a úsáid, go díreach nó trí idirghabhálaí, nó buntáiste a ghealladh, a thairiscint nó a thabhairt chun léiriú bréige a spreagadh nó chun cur isteach ar léiriú a thabhairt nó fianaise a thabhairt ar aird in imeacht maidir le cionta ***éillithe***;

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 12 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 fórsa fisiciúil, bagairtí nó imeaglú a úsáid, go díreach nó trí idirghabhálaí, chun cur isteach ar fheidhmiú dualgas oifigiúil ag duine atá i seilbh oifig bhreithiúnach nó ag comhalta de na húdaráis forfheidhmithe dlí, maidir le ***haon cheann de na*** cionta ***dá dtagraítear in Airteagail 7 go 11, 13 agus***	2 fórsa fisiciúil, bagairtí nó imeaglú a úsáid, go díreach nó trí idirghabhálaí, chun cur isteach ar fheidhmiú dualgas oifigiúil ag duine atá i seilbh oifig bhreithiúnach nó ag comhalta de na húdaráis forfheidhmithe dlí, maidir le le cionta ***éillithe;***

14.

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 12 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. fianaise a dhíothú, a athrú, a cheilt nó a fhalsú le hintinn cur isteach ar imeacht maidir le cionta éillithe.

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb amhlaidh a bheidh éadáil, sealbhú nó úsáid maoine intinniúil ag oifigeach poiblí, ***arb eol don oifigeach go bhfuil an mhaoin sin díorthaithe ó dhéanamh aon cheann de na cionta a leagtar amach in Airteagail 7 go 12 agus 14,*** inphionóis mar chion coiriúil, ***gan beann ar cé acu a bhí nó nach raibh an t-oifigeach sin bainteach*** i ndéanamh an chiona ***sin***.	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb amhlaidh ***a bheidh*** éadáil, sealbhú nó úsáid maoine intinniúil ag oifigeach poiblí, ar maoin í ***atá díréireach go suntasach le hioncam dleathach an oifigigh phoiblí agus nach féidir údar a thabhairt leis an ioncam sin***, inphionóis mar chion coiriúil, ***i gcás inar deimhin leis an gcúirt náisiúnta gur gnóthaíodh an mhaoin sin ó aon chineál rannpháirtíochta coiriúla*** i ndéanamh ciona ***mar a leagtar amach sa Treoir sin***.

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Agus cinneadh á dhéanamh an dtagann an mhaoin atá i gceist ó aon chineál rannpháirtíochta coiriúla i ndéanamh ciona mar a leagtar amach sa Treoir sin, cuirfear imthosca uile an cháis san áireamh. Ní gá na gnéithe fíorasacha uile ná na himthosca uile a bhaineann leis an rannpháirtíocht choiriúil sin a shuí, lena n-áirítear céannacht dhéantóir na coire agus ní bhaineann sé le hábhar cibé acu a rinne nó go raibh an duine páirteach sa rannpháirtíocht choiriúil ónar gnóthaíodh an mhaoin.
	Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 13a
	Ceilt
	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina ndéantar d'aon ghnó é, go mbeidh sé inphionóis mar chion coiriúil má dhéanann duine a bhfuil a fhios aige go bhfuil an mhaoin á ceilt nó á coinneáil i gcónaí maoin mar thoradh ar aon cheann de na cionta a bhunaítear i gcomhréir leis an Treoir sin, fiú mura raibh baint ag an duine sin leis na cionta sin a dhéanamh.
	Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 13b.
	Mí-iompar in oifig phoiblí
	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis mar chion coiriúil sárú inmhilleáin ag oifigeach poiblí ar dhualgas oifigiúil, trí mhainneachtain an dualgas sin a chomhlíonadh nó trína fheidhmiú go lochtach, má dhéanann sé damáiste nó díobháil do chearta nó do leasanna dlisteanacha duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh.

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb amhlaidh a bheidh gríosú aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 7 go ***13*** inphionóis mar chion coiriúil.	1 Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb amhlaidh a bheidh gríosú aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 7 go ***13a*** inphionóis mar chion coiriúil.

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 Déanfaidh na Ballstáit na bearta is	2 Déanfaidh na Ballstáit na bearta is

gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis mar chion coiriúil cabhrú agus neartú le haon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 7 go ***13***.	gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis mar chion coiriúil cabhrú agus neartú le haon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 7 go ***13a***.

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) gurb inphionóis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 12 le téarma uasta príosúnachta ***6*** bliana ar a laghad;	(a) gurb inphionóis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 12 le téarma uasta príosúnachta ***7*** bliana ar a laghad;

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) gurb inphionóis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 8 go 11 le téarma uasta príosúnachta ***5*** bliana ar a laghad; ***agus***	(b) gurb inphionóis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 8 go 11 le téarma uasta príosúnachta ***6*** bliana ar a laghad;

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) go mbeidh an cion coiriúil dá	(c) go mbeidh an cion coiriúil dá

dtagraítear in Airteagal 13 inphionóis le téarma uasta príosúnachta ***4*** bliana ar a laghad**.**	dtagraítear in Airteagal 13 ***agus Airteagal 13a*** inphionóis le téarma uasta príosúnachta ***5*** bliana ar a laghad***; agus***

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) go mbeidh an cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagal 13b inphionóis le téarma uasta príosúnachta 3 bliana ar a laghad.

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Maidir le cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagal 9, i gcás ina mbainfidh damáiste is lú ná EUR 10 000 nó buntáiste is lú ná EUR 10 000 leis, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí seachas smachtbhannaí coiriúla.	***scriosta***

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 2, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb amhlaidh, maidir le daoine nádúrtha a ciontaíodh i gceann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 7 go 14 a dhéanamh, go mbeidh siad faoi réir smachtbhannaí nó bearta arna bhforchur ag údarás inniúil agus nach gá gur de chineál coiriúil iad, lena n-áirítear:
	(a) cur as oifig phoiblí, fionraí agus athshannadh uaithi;
	(b) dícháiliú ón méid seo a leanas:
	(i) a bheith i seilbh oifig phoiblí;
	(ii) feidhm seirbhíse poiblí a fheidhmiú;
	(c) an ceart chun seasamh i dtoghcháin a bhaint, comhréireach le tromchúis an chiona a rinneadh, a bheidh cothrom le dhá shainordú as a chéile ar a laghad nó deich mbliana i gcás oifigigh ardleibhéil;
	(d) eisiamh ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais.

Or. en

Is éard atá i mír 3 a (nua) oiriúnú ar Airteagal 15(4) den togra ón gCoimisiún.

Leasú 67

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cur as oifig phoiblí, fionraí agus athshannadh uaithi;	***scriosta***

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 4 – pointe c – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) a bheith i seilbh oifig phoiblí;	***scriosta***

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 4 – pointe c – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) feidhm seirbhíse poiblí a fheidhmiú;	***scriosta***

Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 4 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) díothú an chirt chun seasamh i dtoghcháin, comhréireach le tromchúis an chiona a rinneadh; agus	***scriosta***

Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 4 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) eisiamh ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais;	***scriosta***

Or. en

Leasú 72

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh tromchúis na gcionta lena mbaineann agus breithniú á dhéanamh ar dheireadh na bpianbhreitheanna ar fionraí, scaoileadh saor luath, parúl nó maithiúnas daoine a chiontaítear sna cionta sin.

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 17 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla, ***nár cheart*** uasteorainn na bhfíneálacha sin a bheith níos lú ná 5 faoin gcéad de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, lena n-áirítear eintitis ghaolmhara, sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh lena bhforchuirtear an fhíneáil;	(a) fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla, ***nach mbeidh*** uasteorainn na bhfíneálacha sin a bheith níos lú ná 5 faoin gcéad de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, lena n-áirítear eintitis ghaolmhara, sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh lena bhforchuirtear an fhíneáil;

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) is oifigeach ardleibhéil an ***ciontóir***;	(a) baineann an ***cion le hoifigeach poiblí atá*** ina oifigeach ardleibhéil;

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ciontaíodh an ciontóir roimhe sin i gcion dá dtagraítear in Airteagail 7 go 14;	(b) ciontaíodh an ciontóir***, lena n-áirítear máthaireintitis nó fo-eintitis más duine dlítheanach é an ciontóir,*** roimhe sin i gcion dá dtagraítear in Airteagail 7 go 14 ***i mBallstát nó cionta coibhéiseacha i dtríú tír***;

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) feidhmíonn an ciontóir feidhmeanna imscrúdaithe, ionchúisimh nó breithnithe;	(e) feidhmíonn an ciontóir feidhmeanna imscrúdaithe, ionchúisimh***, réitigh díospóidí*** nó breithnithe;

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú ***gur féidir pribhléidí nó díolúintí ó imscrúdú agus ionchúiseamh a dheonaítear d'oifigigh náisiúnta, le haghaidh na gcionta dá dtagraítear sa Treoir sin, a ardú trí phróiseas oibiachtúil, neamhchlaonta, éifeachtach agus trédhearcach a bheidh réamhbhunaithe le dlí, bunaithe ar chritéir shoiléire, agus a thugtar i gcrích laistigh de thráthchlár réasúnach.***	***1*** Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú ***go mbeidh*** pribhléidí nó díolúintí ó imscrúdú agus ionchúiseamh a dheonaítear d'oifigigh náisiúnta, le haghaidh na gcionta dá dtagraítear sa Treoir sin:

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 1 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) teoranta do ghníomhartha a dhéantar i bhfeidhmiú dualgas oifigiúil;

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 1 – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) ní bheidh feidhm acu ach amháin maidir le gníomhartha a dhéantar le linn théarma oifige duine nó le linn tréimhse seirbhíse mar oifigeach poiblí; agus

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 1 – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c) cuirfear deireadh leo trí phróiseas oibiachtúil, neamhchlaonta, éifeachtach agus trédhearcach arna bhunú le dlí, bunaithe ar chritéir shoiléire, agus a chuirfear i gcrích laistigh de thréimhse ama réasúnach.

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Cuirfidh na Ballstáit bearta chun feidhme chun deireadh a chur le díolúine fheidhmiúil ó imscrúdú agus ó ionchúiseamh d'oifigigh náisiúnta agus d'oifigigh de chuid an Aontais i gcásanna mór-éillithe.

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta trína bhféadfaidh an t-údarás iomchuí, i gcás inarb iomchuí, oifigeach

poiblí atá cúisithe i gcion dá dtagraítear sa Treoir sin a bhaint, a chur ar fionraí nó a athshannadh, agus aird á tabhairt ar phrionsabal thoimhde na neamhchiontachta.

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar aon chumhachtaí dlíthiúla lánroghnacha faoina dhlí baile a bhaineann le daoine a ionchúiseamh mar gheall ar chionta dá dtagraítear sa Treoir sin a fheidhmiú leis an gcomhairliúchán inmheánach iomchuí agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá ann déanamh na gcionta sin a dhíspreagadh.

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 1 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1d. Gan dochar do na cearta a thugtar d'íospartaigh na coireachta faoi Threoir 2012/29/AE i gcás cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag aon eagraíocht a bhfuil sé d'aidhm aici an t-éilliú a chomhrac athbhreithniú a fháil ar chinneadh ionchúisimh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an t-imscrúdú nó an t-ionchúiseamh a thionscnamh nó gan é a thionscnamh;

(b) an t-imscrúdú nó an t-ionchúiseamh a chur ar fionraí;

(c) scor den imscrúdú nó den ionchúiseamh.

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 1 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1e. Cinneadh an raoin feidhme agus na gcoinníollacha faoina ndéanfar athbhreithniú breithiúnach dá dtagraítear i mír 3 a rialú leis an dlí náisiúnta agus áireofar ann coimircí i gcoinne gearáin chráiteacha.

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 1 f (nua))

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1f. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach ndéanfar aon díolúine phearsanta ó imscrúdú agus ó ionchúiseamh a dheonú d'oifigigh náisiúnta ar mhaoin atá faoi úinéireacht daoine dlítheanacha nó socruithe ar meáin sealúchas sócmhainne pearsanta iad.

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 20 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ina ndéantar an cion chun tairbhe do dhuine dlítheanach atá bunaithe i gcríoch an Bhallstáit sin**.**	(c) ina ndéantar an cion chun tairbhe do dhuine dlítheanach atá bunaithe i gcríoch an Bhallstáit sin***;***

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 20 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) má dhéantar an cion in aon Bhallstát, i gcás mór-éilliú.

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) 8 mbliana ón tráth a rinneadh an cion, le haghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 13 ***agus*** 14.	(c) 8 mbliana ón tráth a rinneadh an cion, le haghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 13 ***go*** 14.

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) 5 bliana le haghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 13 ***agus*** 14.	(c) 5 bliana le haghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 13 ***go*** 14.

Or. en

Leasú 91

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 4 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) 8 mbliana ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh le haghaidh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 13 ***agus*** 14.	(c) 13 mbliana ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh le haghaidh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 13 ***go*** 14.

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 5 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) 5 bliana ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh le haghaidh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 13 ***agus*** 14.	(c) 5 bliana ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh le haghaidh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 13 ***go*** 14.

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 22 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh Treoir (AE) 2019/1937 infheidhme maidir le tuairisciú na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 7 go 14 agus le cosaint daoine a thuairiscíonn na cionta sin.	1 Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh Treoir (AE) 2019/1937 infheidhme maidir le tuairisciú na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 7 go 14 agus le cosaint daoine***, lena n-áirítear iriseoirí iniúchta,*** a thuairiscíonn na cionta sin.

Or. en

Leasú 94

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha, amhail iad sin a úsáidtear chun an choireacht eagraithe nó coireanna tromchúiseacha eile a chomhrac, ar fáil do dhaoine, aonaid nó seirbhísí atá freagrach as na cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir sin a imscrúdú nó a ionchúiseamh.	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha, amhail iad sin a úsáidtear chun an choireacht eagraithe nó coireanna tromchúiseacha eile a chomhrac, ***lena n-áirítear iad sin a liostaítear i dTreoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla, nó iad siúd a úsáidtear i réimse na coireachta airgeadais, amhail an pointe rochtana aonair ar chlárlanna cuntas bainc i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1153 nó uirlisí eile a chabhraíonn le faisnéis chuideachta a fháil chun úinéireacht thairbhiúil a bhrath***, ar fáil do dhaoine, aonaid nó seirbhísí atá freagrach as na cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir sin a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

Or. en

Leasú 95

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 23a
	Malartú faisnéise
	Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain dhíreach ag gach comhlacht speisialaithe dá dtagraítear in Airteagal 4 ar SIENA agus go n-úsáidfidh siad córas SIENA chun faisnéis a mhalartú in imscrúduithe trasteorann.

Or. en

Leasú 96

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 23b
	Cearta íospartach agus cúiteamh i leith damáiste
	1. Déanfaidh na Ballstáit íospartaigh a chosaint agus a chumasú chun a dtuairimí agus a n-ábhair imní a chur in iúl agus a mheas ag céimeanna iomchuí le linn imeachtaí coiriúla i gcoinne ciontóirí, ar bhealach nach ndéanann dochar do chearta na cosanta.
	2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh na cearta a thugtar d'íospartaigh faoi Threoir (AE) 2012/29 infheidhme freisin maidir le híospartaigh an éillithe, agus chun a áirithiú maidir le haon íospartach éillithe:
	(a) go ndéanfar a stádas mar íospartach éillithe a shainaithint agus a chur in iúl dóibh a luaithe is féidir;

(b) gan dochar d'Airteagal 11(5) de Threoir (AE) 2012/29, tá sé de cheart ag an íospartach athbhreithniú a fháil ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh nó cinneadh a dhéanamh dul i mbun réiteach neamhthrialach;

(c) an ceart chun sástachta, lena n-áirítear admháil ar an sárú, léiriú aiféala, leithscéal foirmiúil nó módúlacht iomchuí eile, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin;

(d) an ceart chun ráthaíocht a fháil maidir le neamh-atarlaithe; agus

(e) go bhfuil sé nó sí i dteideal faoiseamh urghaire a fháil más infheidhme.

3 Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh aon eagraíocht neamhrialtasach atá cáilithe chun leas an phobail mar a chinntear leis an dlí náisiúnta, mar ionadaithe ar leasanna íospartaigh an éillithe agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, caingean a thabhairt os comhair na gcúirteanna nó na gcomhlachtaí riaracháin inniúla chun a áirithiú go gcosnófar a gcearta faoi mhír 2.

4 Déanfaidh na Ballstáit cibé bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an ceart ag eintitis nó daoine a ndearnadh damáiste dóibh mar thoradh ar ghníomh éillithe imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh ina gcoinne siúd atá freagrach as an damáiste sin chun cúiteamh a fháil.

Or. en

Leasú 97

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 24 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gan dochar do na rialacha maidir le	Gan dochar do na rialacha maidir le

comhar trasteorann agus cúnamh dlí frithpháirteach in ábhair choiriúla, maidir le húdaráis na mBallstát, Europol, Eurojust, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus an Coimisiún, rachaidh siad i gcomhar le chéile, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, sa chomhrac in aghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo. Chuige sin, i gcás inarb iomchuí, soláthróidh Europol, Eurojust, ***Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, an Oifig Eorpach*** Frith-Chalaoise (OLAF) agus an Coimisiún cúnamh teicniúil agus oibríochtúil i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach chun comhordú imscrúduithe agus ionchúiseamh de chuid na n-údarás inniúil a éascú.	comhar trasteorann agus cúnamh dlí frithpháirteach in ábhair choiriúla, maidir le húdaráis na mBallstát, Europol, Eurojust, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus an Coimisiún, rachaidh siad i gcomhar le chéile, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, sa chomhrac in aghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo. Chuige sin, i gcás inarb iomchuí, soláthróidh Europol, Eurojust, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus an Coimisiún cúnamh teicniúil agus oibríochtúil i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach chun comhordú imscrúduithe agus ionchúiseamh de chuid na n-údarás inniúil ***agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh*** a éascú.

Or. en

Leasú 98

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 25 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) comhar agus malartú dea-chleachtas a éascú i measc cleachtóirí, saineolaithe, taighdeoirí agus geallsealbhóirí eile de chuid na mBallstát;	(a) comhar agus malartú dea-chleachtas a éascú i measc cleachtóirí, ***an tsochaí shibhialta, saineolaithe neamhspleácha***, taighdeoirí agus geallsealbhóirí eile de chuid na mBallstát;

Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 26 – mír 2 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) líon na n-orduithe calctha agus

coigistíochta, mar aon lena luach measta;

Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 26 – mír 2 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(k) an líon ciontuithe dar tugadh pardún, agus an líon pardún d'oifigigh phoiblí agus ***d'oifigigh*** ardleibhéil á sonrú.	(k) an líon ciontuithe dar tugadh pardún, agus an líon pardún d'oifigigh phoiblí agus ***d'oifigigh*** ardleibhéil á sonrú.

Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 26 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Déanfaidh na Ballstáit, ar bhonn bliantúil agus faoin 1 Meitheamh, na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 2 a fhoilsiú, i bhformáid mheaisín-inléite ***agus*** imdhealaithe, le haghaidh na bliana roimhe sin agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas maidir leis sin.	3 Déanfaidh na Ballstáit, ar bhonn bliantúil agus faoin 1 Meitheamh, i ***bhformáid atá oscailte,*** meaisín-inléite***, inrochtana, inaimsithe agus in-athúsáidte, mar aon leis na meiteashonraí a bhaineann leo agus mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte agus athúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí agus i*** bhformáid imdhealaithe, na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 2 don bhliain roimhe sin agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas maidir leis sin.

Or. en

Leasú 102

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 2
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) In Airteagal 4(2), cuirtear ***'breabaireacht éighníomhach agus ghníomhach san earnáil phoiblí', 'breabaireacht éighníomhach san earnáil phoiblí' agus 'breabaireacht ghníomhach san earnáil phoiblí' in ionad na bhfocal 'éilliú éighníomhach agus gníomhach', 'éilliú éighníomhach' agus 'éilliú gníomhach' faoi seach***.	(2) ***Cuirtear an méid seo a leanas*** in ionad Airteagal 4(2):
	'(1) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil, nuair a dhéantar d'aon ghnó é: (a) buntáiste míchuí d'aon chineál a ghealladh, a thairiscint, a thabhairt nó a bhronnadh, go díreach nó trí idirghabhálaí, d'oifigeach poiblí le haghaidh an oifigigh sin nó le haghaidh tríú páirtí chun go ngníomhóidh an t-oifigeach poiblí nó go staonfaidh sé ó ghníomhú i gcomhréir lena dhualgas nó i bhfeidhmiú fheidhmeanna an oifigigh sin ar bhealach a dhéanfaidh dochar, nó ar dóigh dó dochar a dhéanamh, do leasanna airgeadais an Aontais (breabaireacht ghníomhach***);***
	(b) buntáiste míchuí d'aon chineál a bheith iarrtha nó faighte ag oifigeach poiblí, go díreach nó trí idirghabhálaí, nó glacadh le tairiscint nó gealladh an bhuntáiste sin le haghaidh an oifigigh sin nó le haghaidh tríú páirtí, chun go ngníomhóidh an t-oifigeach poiblí nó go staonfaidh sé ó ghníomhú nó i bhfeidhmiú fheidhmeanna an oifigigh sin ar bhealach a dhéanfaidh dochar, nó ar dóigh dó dochar a dhéanamh, do leasanna airgeadais an Aontais (breabaireacht éighníomhach).

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go dtoimhdeofar go mbeidh sé d'aidhm ag aon ghníomh breabaireachta éighníomhaigh ***nó aon ghníomh a dhéanann 'oifigeach de chuid an Aontais' acmhainní a imeacht ó fheidhmiú dleathach a n-oifige poiblí agus, ar an gcaoi sin, go mbeidh damáiste do leasanna airgeadais an Aontais le tuiscint.***

(2) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil, nuair a dhéantar d'aon ghnó é agus le linn gníomhaíochtaí eacnamaíocha, airgeadais, gnó nó tráchtála:

(a) buntáiste míchuí d'aon chineál a ghealladh, a thairiscint, a thabhairt nó a bhronnadh go díreach nó trí idirghabhálaí, d'aon duine a stiúrann nó a oibríonn in aon cháil le haghaidh eintiteas de chuid na hearnála príobháidí, le haghaidh an duine sin nó le haghaidh tríú páirtí, chun go ngníomhóidh an duine sin nó go staonfaidh sé ó ghníomhú, de shárú ar dhualgais an duine sin ar bhealach a dhéanfaidh dochar, nó ar dóigh dó dochar a dhéanamh, do leasanna airgeadais an Aontais (breabaireacht ghníomhach***);***

(b) buntáiste míchuí d'aon chineál a bheith iarrtha nó faighte ag duine, go díreach nó trí idirghabhálaí, nó gealladh an bhuntáiste sin, le haghaidh an duine sin nó tríú páirtí, le linn dó a bheith ag stiúradh eintiteas de chuid na hearnála príobháidí nó a bheith ag obair lena aghaidh in aon cháil, chun gníomhú nó staonadh ó ghníomhú, de shárú ar dhualgais an duine sin ar bhealach a dhéanfaidh dochar, nó ar dóigh dó dochar a dhéanamh, do leasanna airgeadais an Aontais (breabaireacht éighníomhach).'

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 4 – mír 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4(3):
3 Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú ***gur cion coiriúil a bheidh i míleithreasú****,* nuair a dhéantar go hintinniúil é.	***'***3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh ***an t-iompar seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil***, nuair a dhéantar d'aon ghnó é***:***
Chun críocha na Treorach sin, ciallaíonn "míleithreasú" gníomhaíocht oifigigh phoiblí a gcuirtear ar a iontaoibh nó ar a hiontaoibh go díreach nó go hindíreach ***cistí nó sócmhainní a bhainistiú a dhéanann cistí a ghealladh nó a eisíoc nó sócmhainní a leithreasú nó a úsáid,*** ar dhóigh atá contrártha don chríoch ***dár*** beartaíodh iad agus a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais ar aon slí.	***(a) oifigeach poiblí do dhéanamh, d'eisíoc, do leithreasú nó d'úsáid maoine a gcuirtear a bhainistíocht*** de chúram ***air*** go díreach nó go hindíreach contrártha don chuspóir ***dár*** beartaíodh é ar aon slí a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais ***nó ar dóigh dó damáiste a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais;***
	(b) duine a dhéanann eintiteas san earnáil phríobháideach a stiúradh nó a oibriú, in aon cháil, in eintiteas san earnáil phríobháideach, a dhéanamh, a eisíoc, a leithreasú nó a úsáid le linn gníomhaíochtaí eacnamaíocha, airgeadais, gnó nó tráchtála, ar maoin í a bhfuil a bainistíocht curtha de chúram air go díreach nó go hindíreach, contrártha don chuspóir dá raibh sé beartaithe ar bhealach ar bith a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais nó ar dóigh dó damáiste a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais.'

Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 2 b (nua) – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2b) In Airteagal 4, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

Or. en

Leasú 105

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 4 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	'3a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil, nuair a dhéantar d'aon ghnó é:
	(a) buntáiste míchuí d'aon chineál a ghealladh, a thairiscint nó a thabhairt, go díreach nó trí idirghabhálaí, do dhuine nó do thríú páirtí chun go n-imreoidh an duine sin tionchar fíor nó ceaptha d'fhonn buntáiste míchuí a fháil ó oifigeach poiblí ar bhealach a dhéanfaidh dochar, nó ar dóigh dó dochar a dhéanamh, do leasanna airgeadais an Aontais;
	(b) buntaiste míchuí d'aon chineál a iarraidh nó a fháil, go díreach nó trí idirghabhálaí, nó gealltanas an buntáiste sin do dhuine nó do thríú páirtí chun go n-imreoidh an duine sin tionchar fíor nó ceaptha d'fhonn buntáiste míchuí a fháil ó oifigeach poiblí ar bhealach a dhéanfaidh dochar, nó ar dóigh dó dochar a dhéanamh, do leasanna airgeadais an Aontais;

Chun go mbeidh an t-iompar dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) inphionóis mar chion coiriúil, beidh sé neamhábhartha cé acu imrítear nó nach n-imrítear an tionchar nó cé acu a leanann nó nach leanann na torthaí beartaithe as an tionchar ceaptha.

Or. en

Leasú 106

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 4 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3b. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil, nuair a dhéantar d'aon ghnó é:
	1 feidhmíocht ghnímh arna déanamh ag oifigeach poiblí nó mainneachtain oifigigh phoiblí gníomh a fheidhmiú, de shárú ar dhlíthe, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna chun buntáiste míchuí a fháil le haghaidh an oifigigh sin nó le haghaidh tríú páirtí a dhéanfaidh dochar, nó ar dóigh dó dochar a dhéanamh, do leasanna airgeadais an Aontais;
	2 feidhmíocht ghnímh arna déanamh ag duine nó mainneachtain an duine sin gníomh a fheidhmiú, de shárú ar dhualgais, ar duine é a stiúrann eintiteas de chuid na hearnála príobháidí nó a oibríonn lena aghaidh in aon cháil le linn gníomhaíochtaí eacnamaíocha, airgeadais, gnó nó tráchtála chun buntáiste míchuí a fháil le haghaidh an duine sin nó le haghaidh tríú páirtí a dhéanfaidh dochar, nó ar dóigh dó dochar a dhéanamh, do leasanna airgeadais an Aontais.

Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 4 – mír 3 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3c. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil, nuair a dhéantar d'aon ghnó é:
	1 fórsa fisiciúil, bagairtí nó imeaglú a úsáid, go díreach nó trí idirghabhálaí, nó buntáiste a ghealladh, a thairiscint nó a thabhairt chun léiriú bréige a spreagadh nó chun cur isteach ar léiriú a thabhairt nó fianaise a thabhairt ar aird in imeacht maidir le cionta dá dtagraítear sa Treoir sin a dhéanamh;
	2 fórsa fisiciúil, bagairtí nó imeaglú a úsáid, go díreach nó trí idirghabhálaí, chun cur isteach ar fheidhmiú dualgas oifigiúil ag duine atá i seilbh oifig bhreithiúnach nó ag comhalta de na húdaráis forfheidhmithe dlí i ndáil le cionta dá dtagraítear sa Treoir sin a dhéanamh.
	3 fianaise a scriosadh, a athrú, a cheilt nó a fhalsú le hintinn cur isteach ar imeacht maidir le cionta dá dtagraítear sa Treoir sin a dhéanamh.

Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 4 – mír 3 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3d. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb amhlaidh a bheidh éadáil, sealbhú nó úsáid maoine intinniúil ag oifigeach poiblí, ar maoin í atá díréireach go suntasach le hioncam dleathach an oifigigh phoiblí agus nach féidir údar a thabhairt leis an ioncam sin, inphionóis mar chion coiriúil, i gcás inar deimhin leis an gcúirt náisiúnta gur gnóthaíodh an mhaoin sin ó aon chineál rannpháirtíochta coiriúla i ndéanamh ciona mar a leagtar amach sa Treoir sin. ***Agus cinneadh á dhéanamh an dtagann an mhaoin atá i gceist ó aon chineál rannpháirtíochta coiriúla i ndéanamh ciona mar a leagtar amach sa Treoir sin, cuirfear imthosca uile an cháis san áireamh. Ní gá na gnéithe fíorasacha uile ná na himthosca uile a bhaineann leis an rannpháirtíocht choiriúil sin a shuí, lena n-áirítear céannacht dhéantóir na coire agus ní bhaineann sé le hábhar cibé acu a rinne nó go raibh an duine páirteach sa rannpháirtíocht choiriúil ónar gnóthaíodh an mhaoin.***
	Or. en

Leasú 109

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 4 – mír 3 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3e. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina ndéantar d'aon ghnó é, go mbeidh sé inphionóis mar chion coiriúil má dhéanann duine a bhfuil a fhios aige go bhfuil an mhaoin á ceilt nó á coinneáil i gcónaí maoin mar thoradh ar aon cheann de na cionta a

bhunaítear i gcomhréir leis an Treoir sin, fiú gan páirt a ghlacadh ina ndéanamh na gcionta sin.

Or. en

Leasú 110

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 4 – mír 3 f (nua))

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3f. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, nuair a dhéantar é ar bhealach a dhéanfaidh dochar, nó ar dóigh dó dochar a dhéanamh, do leasanna airgeadais an Aontais, go mbeidh sárú inmhilleáin ag oifigeach poiblí ar dhualgas oifigiúil, trí mhainneachtain an dualgas sin a chomhlíonadh nó trína fheidhmiú go lochtach, inphionóis mar chion coiriúil má dhéanann sé damáiste nó díobháil do chearta nó do leasanna dlisteanacha duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh.

Or. en

Leasú 111

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 2 c (nua)
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 5 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(2):
2 Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis mar chion coiriúil ***iarracht a dhéanamh ar aon***	***'***2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis mar chion coiriúil ***iarracht a dhéanamh cion***

cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4(3) a dhéanamh.	***dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4(3), (3b) go (3d) den Treoir seo a dhéanamh*.*'***

Or. en

Leasú 112

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 3
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, Airteagal 4(1) ***agus in Airteagal 4(2)*** le pionós uasta príosúnachta ***6*** bliana ar a laghad ***nuair a bhaineann damáiste suntasach nó buntáiste suntasach leo***.	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3, 4(1)***, (2(1)) agus (3c)*** le pionós uasta príosúnachta *7* mbliana ar a laghad.

Or. en

Leasú 113

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 3
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis an cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagal ***4(3)*** le pionós uasta príosúnachta ***5*** bliana ar a laghad ***nuair a bhaineann damáiste nó buntáiste suntasach leis***.	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis an cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagal ***4(2(2)) go 4(3b)*** le pionós uasta príosúnachta ***6*** bliana ar a laghad.

Or. en

Leasú 114

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 3
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis an cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagal 4(3d) agus (3e) le pionós uasta príosúnachta 5 bliana ar a laghad.

Or. en

Leasú 115

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 3
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis an cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagal 4(3f) le pionós uasta príosúnachta 3 bliana ar a laghad.

Or. en

Leasú 116

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 3
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Toimhdeofar go bhfuil an damáiste nó buntáiste a eascraíonn as na cionta	***scriosta***

coiriúla dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) nó i bpointe (c) d'Airteagal 3(2) agus in Airteagal 4 suntasach i gcás inar mó ná EUR 100 000 a bhaineann leis an damáiste nó an buntáiste.

Or. en

Leasú 117

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 3
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Toimhdeofar go bhfuil an damáiste nó buntáiste a eascraíonn na cionta coiriúla dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 3(2) agus faoi réir Airteagal 2(2) suntasach.	***scriosta***

Or. en

Leasú 118

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 4
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) In Airteagal 7, ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** mhír 4:	(4) In Airteagal 7, ***scriostar*** mír (4).
4 I gcás cion coiriúil dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) d'Airteagal 3(2) nó in Airteagal 4(1) agus Airteagal 4(3) ar lú ná EUR 10 000 a bhaineann leis an damáiste nó ar lú ná EUR 10 000 a bhaineann leis an mbuntáiste, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí seachas smachtbhannaí	

coiriúla.

Or. en

Leasú 119

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 7 a (nua)
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) In Airteagal 11(1), cuirtear 'nó gnáthchónaí ina chríoch' le pointe (b).
	In Airteagal 11(1) cuirtear an pointe (c) seo a leanas leis: 'rinneadh an cion ar mhaithe le duine dlítheanach atá bunaithe ar chríoch an Bhallstáit.'

Or. en

Leasú 120

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 7 b (nua)
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 11 – mír 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(7b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11(3):
3 I gcás ina gcinneann Ballstát dlínse a leathnú chuig cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 nó in Airteagal 5 a rinneadh lasmuigh dá chríoch, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas ***in aon cheann de na himthosca seo a leanas:***	**'**3. I gcás ina gcinneann Ballstát dlínse a leathnú chuig cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 nó in Airteagal 5 a rinneadh lasmuigh dá chríoch, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas ***nuair*** atá an ciontóir ar dhuine dá oifigigh a ghníomhaíonn ***ina dhualgas oifigiúil nó ina dualgas*** oifigiúil.**'**
(a) má tá gnáthchónaí ar an gciontóir ina chríoch;	

(b) déantar an cion coiriúil chun tairbhe duine dhlítheanaigh atá bunaithe ina chríoch; nó

(c) is duine dá oifigigh an ciontóir a ghníomhaíonn agus é nó í i mbun a dhualgais nó a dualgais oifigiúil.

Or. en

Leasú 121

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) 15 bliana ón tráth a rinneadh an cion, le haghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, Airteagal 4(1) ***agus (2)***;	(a) 15 bliana ón tráth a rinneadh an cion, le haghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3, 4(1) ***(2(1)) agus (3c)***;

Or. en

Leasú 122

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) 10 mbliana ón tráth a rinneadh an cion le haghaidh an chiona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal ***4(3).***	(b) 10 mbliana ón tráth a rinneadh an cion le haghaidh an chiona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal ***4(2(2)) go (3b);***

Or. en

Leasú 123

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) 8 mbliana ón tráth a rinneadh an cion, le haghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 4(3d) go (3f) agus 5.

Or. en

Leasú 124

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) 10 mbliana le haghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, Airteagal 4(1) ***agus (2)***;	(a) 10 mbliana le haghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, Airteagal 4(1) ***Airteagal (2(1)) agus Airteagal (3c)***;

Or. en

Leasú 125

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) 8 mbliana le haghaidh an chiona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal ***4(3)***.	(b) 8 mbliana le haghaidh an chiona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal ***4(2(2)) go (3b);***

Or. en

Leasú 126

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 – mír 3 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) 5 bliana le haghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 4(3d) go (3f) agus Airteagal 5.

Or. en

Leasú 127

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) 15 bliana ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh le haghaidh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, Airteagal 4(1) ***agus (2)***;	(a) 15 bliana ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh le haghaidh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, Airteagal 4(1), ***(2(1)) agus (3c)***;

Or. en

Leasú 128

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) 10 mbliana ó dháta an chiontaithe	(b) 10 mbliana ó dháta an chiontaithe

chríochnaithigh le haghaidh an chiona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal ***4(3).***	chríochnaithigh le haghaidh an chiona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal ***4(2(2)) go (3b);***

Or. en

Leasú 129

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 – mír 4 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) 8 mbliana ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh le haghaidh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 4 (3d) go (3f) agus Airteagal 5.

Or. en

Leasú 130

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 – mír 5 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) 10 mbliana ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh le haghaidh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, Airteagal 4(1) ***agus Airteagal 4(2)***;	(a) 15 bliana ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh le haghaidh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, Airteagal 4(1), ***(2(1)) agus (3c)***;

Or. en

Leasú 131

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8

Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 – mír 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) 8 mbliana ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh le haghaidh an chiona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal ***4(3).***	(b) 8 mbliana ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh le haghaidh an chiona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal ***4(2(2)) go (3b);***

Or. en

Leasú 132

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 – mír 5 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) 5 bliana ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh le haghaidh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 4 (3d) go (3f) agus Airteagal 5.

Or. en

Leasú 133

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 1 – pointe 8 a (nua)
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagail 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Cuirtear isteach Airteagal 12a:
	'Pribhléidí nó díolúine ó chionta éillithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh
	Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na forálacha in Airteagal 19 de Threoir (AE) XXX maidir le héilliú a chomhrac infheidhme maidir leis na cionta dá

dtagraítear sa Treoir sin.

Or. en

Leasú 134

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 8 b (nua)
Treoir (AE) 2017/1371
Airteagal 12 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8b) Cuirtear isteach Airteagal 12b:
	'Cosaint daoine a thuairiscíonn cionta nó a thugann cúnamh leis an imscrúdú
	I dteannta na mbeart dá bhforáiltear faoi Threoir (AE) 2019/1937, áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar an chosaint, an tacaíocht agus an cúnamh is gá i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla do dhaoine a thuairiscíonn cionta dá dtagraítear sa Treoir sin agus a sholáthraíonn fianaise nó a théann i gcomhar ar bhealach eile leis na cionta sin a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú.

Or. en

Leasú 135

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 30 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 Gach 2 bhliain ó [12 mhí tar éis an sprioc-ama le haghaidh chur chun feidhme na Treorach sin], seolfaidh na Ballstáit tuarascáil chuig an gCoimisiún laistigh de 3 mhí lena n-áireofar achoimre maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí agus le gníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir le ***hAirteagail 3 go 6***.	2 Gach 2 bhliain ó [12 mhí tar éis an sprioc-ama le haghaidh chur chun feidhme na Treorach sin], seolfaidh na Ballstáit tuarascáil ***chuimsitheach*** chuig an gCoimisiún laistigh de 3 mhí lena n-áireofar achoimre maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí agus le gníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis ***an Treoir sin***.

Or. en

Leasú 136

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 30 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar na haighneachtaí a chuirfidh na Ballstáit ar fáil faoi mhír 2 agus cuirfidh sé a chonclúidí san áireamh sa Tuarascáil bhliantúil ar an Smacht Reachta ina ndéanfar measúnú ar a mhéid a chuireann na Ballstáit an Treoir sin chun feidhme.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá an t-éilliú ar cheann de na bagairtí comhaimseartha is mó ar fheidhmiú cuí institiúidí náisiúnta agus institiúidí an Aontais araon. Déanann an t-éilliú dochar do bhunchloch an daonlathais, baineann sé an bonn den mhuinín atá ag daoine as institiúidí poiblí, agus baineann sé chomh maith, na deiseanna agus na seirbhísí atá tuillte acu dár saoránaigh. Sreabhann acmhainní airgeadais suntasacha ó bhuiséid phoiblí isteach i bpócaí dhéantóirí an éillithe gach bliain. Úsáideann sé seo acmhainní luachmhara a d'fhéadfaí a infheistiú in oideachas, i gcúram sláinte agus in infreastruchtúr ar shlí eile. Ní hamháin go ndéanann an t-éilliú dochar dár ngeilleagair ach déanann sé dochar freisin do chreatlach ár sochaithe.

Más mian linn Eoraip atá saor ó éilliú a bheith againn, ní mór dúinn a aithint go bhfuil an cath ilghnéitheach. Ní mór dúinn dul i ngleic leis an éilliú ar gach leibhéal, idir mhionbhrabaireacht agus mhórscéimeanna éillithe. Chuige sin, tá gá le hathchóirithe ar ár gcreataí dlíthiúla, ar shásraí forfheidhmithe láidre, agus ar chultúr eitice agus cuntasachta a chur chun cinn. Is éard atá i gceist leis freisin sceithirí a chumhachtú a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le héilliú a nochtadh, ar minic gurb ann do bhaol mór pearsanta dóibh féin dá bharr. Agus ní féidir linn dul chun cinn suntasach a dhéanamh sa chomhrac i gcoinne an éillithe ach amháin trí iarrachtaí comhchoiteanna na mBallstát, na n-institiúidí, na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí.

Tá sé deacair cionta a bhaineann le héilliú a imscrúdú agus a nochtadh mar is minic a dhéanann grúpaí daoine an-sofaisticiúil iad agus iad oilte ar bhealaí éalaithe sa chóras a úsáid. Is gá, dá bhrí sin, reachtaíocht thánaisteach an Aontais a thabhairt cothrom le dáta, arb é is aidhm di caighdeáin íosta a leagan síos chun an t-éilliú a chomhrac tríd an dlí coiriúil go príomha, ach ní tríd an dlí coiriúil amháin.

Leis an togra sin, tugtar nuashonrú láidir ar na sainmhínithe ar chionta coiriúla atá sainithe cheana féin i ndlí an Aontais, lena n-áirítear breabaireacht san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, agus cuirtear leis cionta coiriúla nua, a bhfuil gá len é sin a dhéanamh chun an comhrac i gcoinne an éillithe a dhéanamh níos éifeachtaí. Is díol sásaimh freisin go bhfuil reachtaíocht an Aontais á cur i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne an éillithe leis an togra. Tá an dréacht-tuarascáil ailínithe le príomhchuspóir an togra maidir le creat cuimsitheach aontaithe a bhaint amach chun aghaidh a thabhairt ar éilliú, rud a chinnteoidh go mbeidh ár n-iarrachtaí chun an t-éilliú a chomhrac comhsheasmhach agus éifeachtach ar fud an Aontais Cuireann an dréacht-tuarascáil leis an togra chun na sainmhínithe ar chionta coiriúla a dhéanamh níos doichte agus dhá chion bhreise a chur leis, eadhon maoin a fhaightear trí éilliú agus mí-iompar in oifig phoiblí a cheilt. Is minic a théann éilliú i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoin dá chion nua-shainithe sin nó bíonn siad ag brath orthu, agus tá sé chomh tábhachtach céanna na cionta sin a ionchúiseamh agus a phionósú

Chomh maith le cionta coiriúla a shainiú, tugtar isteach leis an togra rialacha nua maidir le smachtbhannaí agus coimircí nós imeachta arb é is aidhm dóibh deireadh a chur le haon bhealaí chun ionchúiseamh éillithe a sheachaint. Sa dréacht-tuarascáil ardaítear cuid de na híosphianbhreitheanna príosúnachta chun iad a thabhairt i gcomhréir le tromchúis an iompair atá i gceist. Tugtar isteach leis freisin coincheap an mhór-éillithe i gcás inar gá cúram speisialta a dhéanamh nach gcuireann díospóidí dlínse nó díolúine na ndaoine atá faoi

dhrochamhras bac ar imscrúduithe coiriúla.

Tugtar rialacha breise isteach leis an dréacht-tuarascáil chun íospartaigh an éillithe a chosaint agus chun a áirithiú nach féidir le déantóirí coire éalú ó iarmhairtí a ngníomhaíochtaí coiriúla trí cheilt a dhéanamh taobh thiar d'eintitis dhlíthiúla nó scéimeanna dlí eile. Moltar modhnuithe áirithe ar théacs an Choimisiúin freisin chun cothromaíocht chuí a bhaint amach idir an gá atá le cionta éillithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach ar thaobh amháin agus cearta bunúsacha gach duine lena mbaineann ar an taobh eile a urramú.

D'aithin an Coimisiún i gceart nach féidir an comhrac i gcoinne an éillithe a theorannú do mhodhanna dlí choiriúil amháin agus mhol sé bearta chun éilliú a chosc. Is minic gurb é an cosc an bealach is costéifeachtaí chun an t-éilliú a chomhrac agus ba cheart go mbeadh feabhas a chur ar an ngné sin i gcroílár chur chuige an Aontais. Dá bhrí sin, neartaítear leis an dréacht-tuarascáil na forálacha sin chun oibleagáidí na mBallstát sa réimse sin a dhéanamh soiléir agus gan débhrí. Tá sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar fheiniméin, ar minic iad a bheith bainteach leis an éilliú, amhail doirse imrothlacha idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus sócmhainní gan údar maith na n-oifigeach poiblí. Is fearr is féidir éilliú a chosc nuair atá faisnéis ábhartha ar fáil don phobal agus do na húdaráis ábhartha araon ar bhealach atá inrochtana go héasca, rud a fhágann gur féidir anailís éifeachtúil a dhéanamh. Tá sé ríthábhachtach freisin rialáil chuí a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta, chomh maith le rialacha soiléire agus trédhearcacha a bheith ann maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla agus maoiniú feachtas toghcháin.

Aithnítear sa togra cheana féin an ról tábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta mar fhoras faire (foláireamh a thabhairt ar bhagairtí ar an smacht reachta, údaráis phoiblí a thabhairt chun cuntais agus urraim do chearta bunúsacha a áirithiú) agus ceanglaítear ar na Ballstáit a ról i ngníomhaíochtaí frith-éillithe a chur chun cinn. Neartaítear leis an dréacht-tuarascáil ról na sochaí sibhialta maidir le héilliú a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear trí aitheantas a thabhairt d'aon eagraíocht a bhfuil sé d'aidhm aici cur i gcoinne an fheiniméin sin an ceart chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ionchúisimh maidir le himscrúdú a oscailt nó gan é a oscailt agus trína chur ar chumas na sochaí sibhialta gníomhú chun cearta íospartaigh an éillithe a chosaint.
Ar deireadh, freagraíonn an togra ón gCoimisiún mar is ceart don dlúthnasc idir an reachtaíocht maidir le cionta coiriúla éillithe agus Treoir CLA (AE) 2017/1371. Ós rud é gur minic a bhíonn déantóirí an éillithe ag gabháil do chalaois choiriúil i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais, tá sé tábhachtach an dá phíosa reachtaíochta a choinneáil ailínithe ní hamháin ó thaobh sainmhínithe de, ach ó thaobh ionstraimí nós imeachta a úsáideann siad freisin. Moltar forálacha breise sa dréacht-tuarascáil chun cur chun feidhme rianúil an dá phíosa reachtaíochta a áirithiú, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar dhlínse Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.